



ELEATHANACH 388



Dé Luain, an 14 Meitheamh, 2021

Féach ar fhíseán Fherdia anseo
<https://www.youtube.com/watch?v=CNt24KKauss>



Cruthaím - Tg4 #cruthaím

Bhí Lá Náisiúnta Cruthaitheachta na hÉireann do pháistí ar an 12 Meitheamh. Díríonn *Cruthaím* ar na tallanna ar leith atá ag Gaeilgeoirí óga.

Tá Gaeilgeoir óg amháin as gach contae ag labhairt linn mar gheall ar na tallanna éagsúla atá acu. Tá na físeáin áille seo ar YouTube Cúla4.

https://www.youtube.com/channel/UCusPSXmu_J8eKbEz0duYVfQ

Seo físeán a rinne Ferdia Mac Eoin ó Chontae Chill Mhantáin. Tá spéis aige san fheadóg stáin agus sa phianó. #cruthaitheacht



Tréad eilifintí

An bhfaca tú an grianghraf seo fós? Is grianghraf cáiliúil é!

Tá seacht n-eilifint le feiceáil sa ghrianghraf, ach tá cúig eilifint déag sa tréad seo.


Tá cónaí orthu sa tSín. Shiúil an tréad 500km. Bhí siad tuirseach traochta. Thit siad ina gcodladh in aice leis an mbaile Xiyang.

Nach bhfuil siad gleoite? Codladh sámh a chairde!



Tréad eilifintí

Páirtéiclips na gréine



Páirtéiclips na gréine

Tharla páirtéiclips na gréine Déardaoin seo caite. Bhí cuid den ghrian clúdaithe. Beimid ag fanacht go dtí 2025 go dtí go bhfeicimid a leithéid arís.

Tá eolas ar shuíomh *Astronomy Ireland* faoin bpáirtéiclips.

<https://www.astronomy.ie/eclipse2021/index.php>

Bhí a lán daoine ar bís. Chaitheamar na spéaclaí cearta agus d'éirigh lenár gcara Stephen an grianghraf seo a thógáil ó Ollscoil Mhá Nuad.

Bhí éiclips iomlán againn in Éirinn sa bhliain 1724. Beidh an chéad éiclips iomlán eile anseo in Éirinn sa bhliain 2090.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

